Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Eanáir 2025**
**(OR. en)**

**5443/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0465(NLE)**

**ATO 2**
**ENV 23**
**IND 13**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 17087/23 +ADD1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ón gCOMHAIRLE lena bhformheastar Rialachán ón gCoimisiún (Euratom) maidir le coimircí Euratom a chur i bhfeidhm<br>- Glacadh |

1. An 21 Nollaig 2023, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena bhformheastar Rialachán ón gCoimisiún (Euratom) maidir le coimircí Euratom a chur i bhfeidhm[1], agus Airteagal 79 de Chonradh Euratom mar bhunús dlí leis sin. Is is aidhm don Airteagal aonair ann Rialachán ón gCoimisiún maidir le coimircí Euratom a chur i bhfeidhm. Déanfar an Rialachán sin a fhorlíonadh in am trátha le Treoirlínte ón gCoimisiún chun tuilleadh soiléireachta a thabhairt d'oibreoirí maidir le gnéithe oibríochtúla áirithe. Pléifear na Treoirlínte sin leis na Ballstáit sa Mheitheal um Cheisteanna Adamhacha.

2. Leis an Rialachán nua ón gCoimisiún, déanfar Rialachán (Euratom) Uimh. 302/2005 a thabhairt cothrom le dáta agus a aisghairm. Baineann na rialacha athbhreithnithe le tuairisciú arna dhéanamh ag úsáideoirí ábhair núicléach san Aontas faoi chuimsiú chóras maoirseachta choimircí Euratom, faoi mar a fhoráiltear i gConradh Euratom, agus na forbairtí le blianta beaga anuas san earnáil núicléach agus sa teicneolaíocht faisnéise á gcur san áireamh. Is é is aidhm dóibh éifeachtacht agus éifeachtúlacht leanúnach choimircí Euratom a áirithiú maidir le húsáid shíochánta ábhar núicléach sa Chomhphobal a ráthú.

[1] 17087/23 + ADD 1

3. Leis na hathruithe arna mbeartú, tugtar isteach sainmhínithe nuashonraithe chun an comhleanúnachas agus an tsoiléireacht a fheabhsú, forálacha maidir le coimircí trí dhearadh, teimpléid chun faisnéis theicniúil a sholáthar le haghaidh cineálacha nua suiteálacha núicléacha, ceanglais bhreise maidir le tuairisciú leictreonach, agus cur chuige níos grádaithe chun an t-ualach ar oibreoirí a laghdú.

4. Scrúdaíodh an togra ag an gcruinniú a bhí ag físchomhdháil neamhfhoirmiúil chomhaltaí na Meithle um Cheisteanna Adamhacha an 10 Eanáir 2024 agus ag na cruinnithe a bhí ag an Meithle um Cheisteanna Adamhacha an 6, an 20 agus an 29 Feabhra 2024, an 14 agus an 19 Márta 2024, an 10 agus an 25 Aibreán 2024 agus an 28 Bealtaine 2024. Scrúdaíodh an togra ar an leibhéal teicniúil den uair dheireanach ag an gcruinniú a bhí ag an bhfíschomhdháil neamhfhoirmiúil de chomhaltaí na Meithle um Cheisteanna Adamhacha an 11 Meitheamh 2024.

5. Ar bhonn an phlé sin agus na mbarúlacha a thug na Ballstáit i scríbhinn, d'ullmhaigh Uachtaránacht na Beilge téacs athbhreithnithe an dréachtchinnidh ón gComhairle (agus an dréachtrialachán ón gCoimisiún i gceangal leis). An 24 Meitheamh 2024, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil[2] maidir leis an téacs athbhreithnithe sin, agus chinn sí ráiteas comhpháirteach ón gComhairle/ón gCoimisiún a chur isteach sna miontuairiscí ón gComhairle d'fhonn é a fhoilsiú san Iris Oifigiúil.

6. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar <u>Choiste na mBuanionadaithe</u> an méid seo a leanas a dhéanamh:

   – teacht ar chomhaontú maidir le téacs an Chinnidh ón gComhairle (mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air) mar a leagtar amach in 11949/24 é agus maidir leis an ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ón gCoimisiún mar a leagtar amach in 5443/25 ADD 1 é,
   – a mholadh don Chomhairle an Cinneadh, mar a leagtar amach in 11949/24 é, agus an ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ón gCoimisiún, mar a leagtar amach in 5443/25 ADD 1 é, a ghlacadh mar mhír 'A'.

---

[2] 10891/24